

RCÉTS

Rásaíocht Con Éireann Traceability System

# RCÉTS CCanna

## Cúnamh Inrianaitheachta

**Céard is RCÉTS ann?**
Is córas nuafhorbartha inrianaitheachta do chúnna rásaíochta é RCÉTS (Rásaíocht Con Éireann / Córas Inrianaitheachta Rásaíocht Con Éireann).

**Cén uair a mbeidh sé in úsáid?**
Tá RCÉTS in úsáid faoi láthair, seoladh i mí Eanáir 2021 é.

**Cén sprioc atá ag RCÉTS?**
Déanfaidh RCÉTS rianú ar na cúnna rásaíochta ó thús deireadh chéimeanna na beatha ar fad, lena n-áirítear breith, micrishlis a chur sa gcú, clárú, gairm rásaíochta, athruithe úinéirí/oiliúnóirí, suíomh, easpórtáil, scor agus deireadh beatha.

**Cé air a mbeidh an dualgas taifead a choimeád?**
Beidh dualgas ar gach úinéir/oiliúnóir/póraitheoir taifead cruinn ar a gcúnna a choimeád ar an gcóras inrianaitheachta trí aip ar líne.

**I gcás nach bhfuil fón cliste agam, an mbeidh mé fós in ann taifid a nuashonrú?**
Beidh. Beidh an córas ar fáil ar líne ag RCETS.ie agus ar ár n-aipeanna d'fhóin chliste le haghaidh Apple agus Android.

**Cé leis a dtéim i dteagmháil má tá fadhbanna agam ag úsáid an chórais?**
Féadfar teagmháil a dhéanamh lenár ndeasc chabhrach trí ríomhphost a chur chuig rcets@grireland.ie nó trí theagmháil a dhéanamh leis an Deasc Chabhrach Inrianaitheachta ag 061448120.

**Céard a tharlaíonn mura n-éiríonn liom taifid atá suas chun dáta a choimeád?**
Cuirfear cosc ar chúnna a chur ar liosta do thrialacha nó rásaí d'uireasa taifid uasdátaithe ar RCÉTS.

**An gcaithfidh mé scéala a chur chuig an ICC fós mar is gnách?**
Ní bhaineann taifid a choimeád ar RCÉTS an dualgas ó pháirtí ar bith chun fógra reachtúil a dhéanamh ar aon ábhar do Chumann Cúrsála na hÉireann (ICC) mar Chaomhnóirí Leabhar Folaíochta Con na hÉireann.

**Tá logáil isteach agam chun breathnú ar chartlanna físeáin, an mbeidh mé in ann é a úsáid do RCÉTS?**
Ní bheidh. Ní féidir an logáil isteach a úsáidtear chun breathnú ar fhíseáin rásaíochta a úsáid do RCÉTS. Ní hionann é sin agus an cuntas mar úinéir/oiliúnóir atá de dhíth ort don leathanach 'Manage Your Kennel' ar an suíomh gréasáin nó chun do thaifid a uasdátú ar RCÉTS.

**Tá breis agus litir nó ríomhphost amháin faighte agam le sonraí difriúla don logáil isteach ar RCÉTS, an botún é seo?**
Tá an iliomad uimhreacha ICC ag roinnt daoine (d'fhéadfadh sé go bhfuil cúnna acu ina n-ainm féin, mar chomhpháirtíocht nó sindeacáit, mar shampla), agus cúnna difriúla cláraithe faoi gach ceann acu. Ós rud é go bhfuil cuntais RCÉTS nasctha le cuntais ICC agus a gcúnna cláraithe, i gcás go bhfuil breis agus uimhir ICC amháin agat, beidh ort logáil isteach RCÉTS ar leith a bheith agat do gach ceann de na huimhreacha ICC seo dá bharr.
I gcás go bhfuil breis agus ríomhphost nó litir amháin faighte agat uainn, ní botún é seo agus NÍ MÓR DUIT GNÍOMHÚ I LEITH GACH CUNTAS ICC ar aip RCÉTS. Beidh tú in ann a dhéanamh amach cén uimhir ICC a bhaineann leis an logáil isteach toisc go mbeidh sí curtha san áireamh i líne an ábhair nó sa líne thagartha.

**Níl ríomhphost le hainm úsáideora ná pasfhocal faighte agam go fóill, cén fáth?**
Tá na ríomhphoist ar fad curtha anois. I gcás nach bhfaca tú ríomhphost uainn, seiceáil d'fhillteáin dramhaíola agus turscair ar do ríomhphost le do thoil.
I gcás nár éirigh leat é a fháil fós tar éis seiceáil a

RÁSAÍOCHT CON ÉIREANN

GREYHOUND RACING IRELAND

dhéanamh sa dramhaíl agus turscar, déan teagmháil leis an Deasc Chabhrach Inrianaitheachta le do thoil, ar eagla nach bhfuil do shonraí teagmhála i gceart.

**I gcás go ndíolaim gadhar ag Díolacháin na Staide, an gá dom RCÉTS a uasdátú?**
Is gá. Ba cheart don díoltóir RCÉTS a uasdátú agus ba cheart scéala a chur chuig ICC faoin díolachán (aistriú úinéireachta) mar is gnách.
I gcás go bhfuil eolas maidir le cúnamh chun taifid a uasdátú de dhíth ort, téigh i dteagmháil leis an Oifig Rásaíochta ag an suíomh Díolachán.

**I gcás go bhfuil mo ghadhair ag rásaíocht faoi láthair, an gá dom aon rud a dhéanamh?**
Ní gá. Nuair atá tú logáilte isteach chun do chuntas a chur ar siúl, ní gá duit ach RCÉTS a uasdátú nuair a athraíonn stádas an chú faoi láthair (imithe ar scor, athrú úinéireachta, srl.).

**An gá dom RCÉTS a uasdátú i gcás gur chuir mé in iúl don ICC maidir leis na hathruithe?**
Is gá. Ba cheart go leanfar ar aghaidh le haon fhógra a theastaíonn ó ICC mar is gnách.

**Chuir mé an ICC ar an eolas go bhfuil mo chú díolta agam, cén fáth a bhfuil sé fós ar mo liosta cúnna?**
Déantar uasdátú ar chórais ICC nuair atá na doiciméid ar fad a bhaineann leis an athrú curtha i gcrích ag an úinéir nua. I gcás go bhfuil do chú fós le feiceáil d'fhéadfadh sé nach bhfuil an próiseas sin curtha i gcrích ar a dtaobhsan go fóill. Déan do thaifid RCÉTS a uasdátú le heolas an díolacháin le do thoil.

**Tá taifid uasdátaithe don chú mícheart agam, cén chaoi a bhféadfainn é a chur ina cheart?**
I gcás go ndéantar botún agus tú ag úsáid RCÉTS, ná bíodh scaoll ort. Níl le déanamh ach fios a chur ar ár nDeasc Chabhrach ag 061448120 nó ríomhphost a chur chuig rcets@grireland.ie

**Cén fáth a léirítear go bhfuil úinéir nua faighte ag cú nuair nach bhfuil uasdátú déanta agam ar RCÉTS ná leis an ICC?**
I gcás go bhfuil úinéir nua faighte ag do chú tríd an IRGT, is é is dóichí go ndearnadh a mharcáil go bhfuil 'úinéir nua faighte' ag an gcú ag Roinn Leasa an RCÉ/GRI.
Ba cheart duit an scéala a chur in iúl don ICC mar is gnách, beag beann ar an stádas ar RCÉTS.

**Níl aon chú rásaíochta agam i m'ainm faoi láthair, cén fáth ar eisíodh ainm úsáideora agus pasfhocal dom?**
I gcás go raibh cú rásaíochta agat le blianta beaga anuas, dhéanfaí ainm úsáideora agus pasfhocal a eisiúint duit mar chuid den chóras a chur i bhfeidhm i dtosach. I gcás nach bhfuil sé sin de dhíth ort (i.e. gan aon chú gníomhach ar an gcóras), ní gá duit aon ghníomhú a dhéanamh mar sin. I gcás go mbeidh cúnna rásaíochta agat arís amach anseo, beidh tú in ann é sin a úsáid mar sin agus ní bheidh aon ghá le ceann eile a eisiúint.

**Cén fáth a bhfuil roinnt cúnna liom á léiriú faoina n-uimhreacha micrishlise nuair atá siad ainmnithe?**
I gcás gur ainmníodh do chú ach nach bhfuil an t-ainm sin á léiriú ar RCÉTS, is moill sa phróiseas maidir le doiciméid ainmnithe is cúis leis seo.
Tá comhairle curtha ag ICC ar na maoir ar fad maidir leis an ngá le 'doiciméid ainmnithe' a chur isteach do ICC go sciobtha d'fhonn go bhféadfar taifid a uasdátú.

**Tá ainm cú mícheart á léiriú ar mo liosta, cén fáth?**
Cé nach bhfuiltear ag súil lena leithéid, níl le déanamh ach dul i dteagmháil linn chun é a leasú má tharlaíonn sé. Cuir glao nó seol ríomhphost chuig an Deasc Chabhrach a luaithe is féidir.

**Tá an iliomad cuntas inár dteaghlach, ar cheart dúinn iad a thabhairt le chéile?**
Ba cheart cuntais RCÉTS a nascadh le húinéir an chú, agus ba cheart dó nó di iad a uasdátú freisin.
I gcás go dtugtar iliomad cuntas le chéile, beidh páirtithe éagsúla ag uasdátú i leith na gcúnna difriúla dá thoradh sin. Is fearr go mbeadh gach cú curtha leis an úinéir/oiliúnóir atá cláraithe amháin. Thug roinnt teaghlach le fios gur fearr leo na cúnna ar fad a chur faoi ainm amháin, agus faoi chuntas amháin dá bharr sin, ar mhaithe le riarachán níos simplí. Is faoin teaghlach féin an cinneadh seo a dhéanamh.

I gcás go bhfuil tú den tuairim nach bhfuil do shonraí teagmhála againn, nó má theastaíonn uait iad a sheiceáil, d'fhéadfá é sin a dhéanamh trí ríomhphost a chur chuig **rcets@grireland.ie** nó trí theagmháil a dhéanamh leis an Deasc Chabhrach ag **061448120**.

RÁSAÍOCHT CON ÉIREANN

GREYHOUND RACING IRELAND